Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Feabhra 2026
(OR. en)

5786/26
PV CONS 2
AGRI 67
PECHE 45
*PARLNAT*

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

26 Eanáir 2026

**.** **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5366/26.

**2.** **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 5428/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Iarscríbhinn.

TALMHAÍOCHT AGUS IASCACH

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

**3.** **Clár oibre na hUachtaránachta** [2]
*Cur i láthair ón Uachtaránacht*

Thíolaic an Cathaoirleach Clár Oibre Uachtaránacht na Cipire a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha Talmhaíochta agus Iascaigh.

**4.** **Straitéis an Aontais i dtaobh an bhithgheilleagair: saincheisteanna Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaigh** [2] 5181/26
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais a chuir an Coimisiún i láthair agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

TALMHAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

5. **Rialachán lena leasaítear an rialachán maidir le feirmeoireacht orgánach a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le táirgeadh, lipéadú, deimhniú agus trádáil** ❶C 16969/25 5294/26
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Díospóireacht bheartais*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir lena thogra chun leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le feirmeoireacht orgánach a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe maidir le táirgeadh, lipéadú agus deimhniúchán agus rialacha áirithe maidir le trádáil le tríú tíortha agus bhí díospóireacht bheartais aici.

**Aon ghnó eile**

6. Iascach

(a) **Gníomhaíocht phráinneach ón Aontas ag teastáil maidir le Ronnach an Atlantaigh Thoir Thuaidh** 5640/26
*Faisnéis ó Éirinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Éire ar fáil, le tacaíocht ón Laitvia agus ón bPolainn, maidir leis an staid a mhéid a bhaineann le bainistiú an stoic ronnach san Atlantach Thoir Thuaidh. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

(b) **Deacrachtaí maidir leis an Rialachán um Rialú [Airteagal 14] a chur chun feidhme agus CATCH a úsáid** 5587/26
*Faisnéis ón Spáinn, ón mBeilg, ón tSeicia, ón bhFrainc, ón n**Gréig**, ón Laitvia, ón bPolainn agus ón bPortaingéil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil, thar ceann na Beilge, na Seicia, na Fraince, na Gréige[1], na Laitvia, na Polainne, na Portaingéile agus na Spáinne, a mhéid a bhaineann le deacrachtaí i gcur chun feidhme an Rialacháin um Rialú [Airteagal 14] agus in úsáid chóras teicneolaíochta faisnéise CATCH. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

1 D'iarr an Ghréig go luafaí a dtacaíocht sna miontuairiscí.

(c) **Gníomhaíochtaí chun WestMed MAP a fheabhsú** 5596/26
*Faisnéis ón Spáinn agus ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil, thar ceann na Fraince agus na Spáinne, a mhéid a bhaineann le roinnt gníomhaíochtaí is gá chun feabhas a chur ar an bplean ilbhliantúil le haghaidh iascaigh sa Mheánmhuir Thiar. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

Talmhaíocht

(d) **Leas ainmhithe mar thosaíocht réamhbhreathnaitheach i gclár oibre an Choimisiúin (2026 agus ina dhiaidh sin)** 5461/26
*Faisnéis ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóivéin ar fáil, le tacaíocht ón Ostair, ón mBeilg, ón nGearmáin agus ó Mhálta, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

(e) **Togra reachtach reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Pacáiste simpliúcháin maidir le sábháilteacht bia agus beatha** 17054/25 17055/25 17056/1/25 REV 1
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire freisin an cur i láthair a rinne an Coimisiún agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

(f) **Lipéadú de réir tír thionscnaimh le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia** 5458/26
*Faisnéis ón bhFrainc, ón Ostair, ón mBulgáir, ón bhFionlainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil, thar ceann na hOstaire, na Bulgáire, na Fionlainne, na Fraince, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóvaice, na Slóivéine agus na Spáinne, agus barúlacha ó thoscaireachtaí eile.

(g) **Slándáil bia agus biacheannasacht an Aontais a chinntiú i ndomhan éiginnte** 5422/26
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(h)** **Staid chriticiúil leanúnach maidir le margadh bainne na hEorpa** 5552/26
*Faisnéis ón Ungáir*

**(i)** **Plean Urghnách an Aontais don Ghéarchéim in Earnáil Déiríochta na hEorpa** 5550/26
*Faisnéis ón Iodáil*

Pléadh míreanna 6) h) agus i) le chéile.

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil, le tacaíocht ón bPolainn, ón Rómáin agus ón tSlóvaic, agus ón Iodáil, le tacaíocht ón Rómáin agus ón tSlóvaic. Thug sí dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(j)** **Caighdeáin Mhargaíochta maidir le héineoil** 5547/26
*Faisnéis ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil, le tacaíocht ón Danmhairg, ón Laitvia, ón bPolainn agus ón tSlóvaic, maidir leis na caighdeáin mhargaíochta d'éineoil, mar aon leis na pointí a rinne na toscaireachtaí.

**(k)** **Feirmeoirí curaíochta faoi bhrú: Gníomhaíocht phráinneach chun talmhaíocht an Aontais a chosaint** 5554/26
*Faisnéis ón Ostair*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair ar fáil mar aon le barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(l)** **Na gníomhaíochtaí is gá chun earnálacha íogaire talmhaíochta a chosaint i gcomhthéacs comhaontuithe trádála le tríú tíortha** 5625/26
*Faisnéis ón bPolainn, ón Ostair, ón Ungáir, agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil, thar ceann na hOstaire, na hUngáire, na Polainne agus na Slóvaice, maidir le hearnálacha íogaire talmhaíochta a chosaint i gcomhaontuithe trádála. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(m) Damáiste mór déanta d'earnálacha talmhaíochta agus iascaigh Mhálta – iarraidh ar dhlúthpháirtíocht agus ar sholúbthacht ón Aontas** [2] 5676/26
*Faisnéis ó Mhálta*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Málta ar fáil. Thug sí dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 5428/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2026**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN bhFRAINC, ÓN IODÁIL AGUS ÓN SPÁINN maidir leis an bPlean Ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar (Rialachán (AE) 2019/1022, 'Plean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar')**

'Iarrann an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn ar an gCoimisiún dáta a shocrú chun togra reachtach a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar. Ba cheart an dáta sin a shocrú a luaithe is féidir, ionas gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean roimh chruinniú na Comhairle i mí na Nollag 2026, cruinniú ag a gcinnfear deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir le haghaidh 2027 .

Ba cheart réaltachtaí iascaigh mheasctha na Meánmhara a chur san áireamh ar bhealach níos fearr sa phlean ilbhliantúil athbhreithnithe agus cur chuige níos cothroime a áirithiú maidir leis na dúshláin shocheacnamaíocha atá os comhair thionscal na hiascaireachta, idir réamhtheachtach agus iartheachtach, i gcomhréir le Bunrialachán an Chomhbheartais Iascaigh.'

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC, ÓN IODÁIL AGUS ÓN SPÁINN maidir le feabhas a chur ar na measúnuithe ar stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar**

'Bunaithe ar an taithí a fuarthas ón athbhreithniú ar an tsamhail i gcás colmóirí in AEA1 a rinneadh le linn 2025 agus i bhfianaise an ghá atá le measúnuithe eolaíocha a dhéantar faoi Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar a threisiú.

Iarrann an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn ar an gCoimisiún obair dhian a dhéanamh ar athbhreithniú ar na measúnuithe stoic don chuid eile de na stoic a áirítear sa phlean ilbhliantúil chun comhairle eolaíoch a fheabhsú. Má bhaintear torthaí níos dearfaí amach le linn na bliana mar thoradh ar an obair sin, ba cheart don Choimisiún a mholadh go ndéanfaí leasú inbliana ar an gcinneadh ón gComhairle , chun an staid sin a aithint. D'fhéadfaí measúnú ilbhliantúil a mheas chun freastal ar riachtanais shocheacnamaíocha.'

| | |
|---|---|
| <u>**Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':**</u> | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN nGEARMÁIN, ÓN EASTÓIN, Ó ÉIRINN, ÓN SPÁINN, ÓN bhFRAINC, ÓN LIOTUÁIN, ÓN ÍSILTÍR, ÓN bPOLAINN, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN tSUALAINN maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) sa Bhunrialachán in 2026**

'I bhfianaise, maidir leis an méid seo a leanas:

- **TACanna de chuid an Aontais amháin:** COD/03AS.; NEP/8CU25; SOL/3ABC24; RNG/03-; SBR/09S-3411;
- **TACanna idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe:** SAN/234_3R; SAN/234_4; SAN/234_5R; SAN/234_7R; COD/07A.; COD/7XAD34; HAD/7X7A34; WHG/07A.; BLI/24-; BLI/03A-; PRA/2AC4-C; PLE/7DE.; SRX/2AC4-C; SRX/67AKXD; RJE/7FG.; RJE/07E.; RJF/67AKXD; SRX/07D.; RJU/8-C.; RJU/9-C.; JAX/4BC7D; NOP/2A3A4.; BSF/56712-; ALF/3X14-; RNG/5B67-; RNG/8X14-; SBR/678-;
- **TACanna idir an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua:** COD/2A3AX4; COD/5BE6A; COD/07D; POK/2C3A4; POK/56-14;
- **TACanna idir an tAontas agus an Iorua:** COD/03AN; PRA/03A.

(i) gurb ann do mheasúnuithe anailíseacha ar dá réir atá an bhithmhais faoi bhun Blim; (ii) gurb ann do mheasúnuithe réamhchúraim ina moltar gabhálacha nialasacha nó na hiascaigh spriocdhírithe a chur ar fionraí; (iii) nach gceadaítear ach foghabhálacha nó iascaigh eolaíocha; nó (iv) go bhfuil cur i bhfeidhm na solúbthachta sin eisiata ag an Aontas agus ag an tríú tír ábhartha nó na tríú tíortha ábhartha, agus chun téarnamh na stoc a áirithiú, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSualainn nach mbainfidh siad úsáid as solúbthacht ó bhliain go bliain faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2026. Is freagairt ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do na stoic sin é an gealltanas seo.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN, ÓN SPÁINN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL maidir le faisnéis eolaíoch faoi speicis sól i ranna 8cde, 9 agus 10 de CITM**

'Faoi láthair, i ranna 8c, 8d, 8e, 9 agus 10 de CITM, déantar an sól coiteann (*Solea solea*), an sól Seineagáile (*Solea senegalensis*) agus an sól gainimh (*Pegusa lascaris*) a bhainistiú faoi TAC comhcheangailte (SOO/8CDE34). Ní chuireann CITM comhairle ar fáil ach amháin maidir leis an sól coiteann i ranna 8c agus 9a.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh CITM comhairle maidir le hiarraidh speisialta lena ndeimhnítear go bhféadfadh sé comhairle a chur ar fáil maidir le sól na Seineagáile agus an sól gainimh araon i ranna 8c agus 9a de CITM. Dá bhrí sin, iarrfaidh an Coimisiún ar CITM comhairle ar leithligh a eisiúint le haghaidh shól na Seineagáile agus an tsóil gainimh le haghaidh 2027.

I bhfianaise na sonraí teoranta atá ar fáil, is dócha go gcuirfidh CITM comhairle ar fáil maidir le cur chuige réamhchúraim (catagóir 5 de CITM) le haghaidh 2027. Mar sin féin, le sonraí feabhsaithe, d'fhéadfadh CITM a bheith in ann comhairle a sholáthar sa mheántéarma maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe (catagóir 3 de CITM). Geallann an Phortaingéil agus an Spáinn go leanfaidh siad d'iarrachtaí chun infhaighteacht sonraí a fheabhsú, agus é mar aidhm acu catagóir chomhairle níos airde ó CITM a chumasú.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN, ÓN SPÁINN, ÓN bhFRAINC AGUS ÓN bPORTAINGÉIL maidir le malartuithe cuótaí**

'Chun a ráthú, a mhéid is féidir, go n-úsáidfear deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc, scadán agus péirsí mara in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 CITM, féachfaidh an Fhrainc agus an Ghearmáin le 20 % de gach ceann dá gcuóta cadóg (HAD/1N2AB.), glasán (POK/1N2AB.), haileabónna Graonlannacha (GHL/1N2AB.), agus speiceas eile (OTH/1N2AB.) a chur ar fáil le haghaidh malartuithe le Ballstáit nach bhfuil cuóta leordhóthanach acu sna stoic sin. Tá an Phortaingéil, an Spáinn agus na Ballstáit eile lena mbaineann le malartuithe a iarraidh faoin 31 Eanáir 2026. Ní rachaidh na hiarrataí thar riachtanais chun foghabhálacha dosheachanta in iascaigh trosc, scadán agus péirsí mara a chumhdach. Tabharfar aon chainníocht nár úsáideadh ar ais do na Ballstáit sin a rannchuidigh leis an malartú i dtosach. Mura gcomhaontófar a mhalairt, féachfaidh na Ballstáit nach bhfuil cuótaí leordhóthanacha acu le haghaidh na bhfoghabhálacha dosheachanta sin le cuótaí trosc a thabhairt ar ais (COD/1N2AB.). I gcás nach gceadaítear leis na cainníochtaí thuasluaite do na Ballstáit sin a bhfoghabhálacha dosheachanta a chumhdach, féachfaidh an Fhrainc agus an Ghearmáin le teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe breise bunaithe ar infhaighteacht an chuóta agus ar chothromaíocht dhomhanda an mhalartaithe.'

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN nGEARMÁIN, ÓN EASTÓIN, Ó ÉIRINN , ÓN SPÁINN, ÓN bhFRAINC, ÓN IODÁIL, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN ÍSILTÍR, ÓN bPOLAINN, ÓN bPORTAINGÉIL, ÓN bhFIONLAINN, ÓN tSUALAINN maidir leis na pleananna ilbhliantúla**

'Tathantaíonn an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Fhionlainn, agus an tSualainn ar an gCoimisiún togra a thíolacadh go pras le haghaidh leasú ar na pleananna ilbhliantúla do Mhuir Bhailt, don Mhuir Thuaidh, d'Uiscí an Iarthair agus don Mheánmhuir Thiar maidir le hAirteagail 4(6) /4(7) / 4(3) chun soiléireacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas a sholáthar idir Airteagail ábhartha na bpleananna ilbhliantúla. Ba cheart measúnú tionchair a bheith ag gabháil leis an togra ar fhadhbanna a thagann chun cinn ina gcur i bhfeidhm praiticiúil, ina gcritéir agus ina dtéarmaí cur i bhfeidhm agus ba cheart cuspóirí uile an Chomhbheartais Iascaigh a chur san áireamh go cuí. Beidh an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Fhionlainn agus an tSualainn tiomanta do bhainistiú inbhuanaithe stoc, agus comhoibreoidh siad go cuiditheach leis an gCoimisiún agus le Parlaimint na hEorpa chun teacht ar réiteach cothrom ar na hábhair imní a sainaithníodh.'

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG maidir le Tosaíocht Eisceachtúil a thugtar don Danmhairg ó thaobh Ronnach de**

'In 1983, thug an Chomhairle Tosaíocht Eisceachtúil don Danmhairg ó thaobh Ronnach de agus ar a shon sin thréig an Danmhairg deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnaigh in Uiscí an Iarthair. Ina dhiaidh sin, i gcomhréir lena fhorálacha, gníomhachtaíodh an Tosaíocht Eisceachtúil ó thaobh Ronnach de in 1997, 2005, 2006, 2007 agus 2008. Is oth leis an Danmhairg nár urramaigh an Chomhairle an Tosaíocht Eisceachtúil ó thaobh Ronnach de in 2024, cé gur comhlíonadh na coinníollacha go soiléir i bhfianaise na gabhála iomláine incheadaithe a comhaontaíodh.

Mar sin féin, agus staid urghnách an stoic ronnach i mbliana á cur san áireamh, agus i ndlúthpháirtíocht le Ballstáit eile, ní chuirfidh an Danmhairg an Tosaíocht Eisceachtúil a thugtar di ó thaobh Ronnach de i bhfeidhm in 2025.

Ba cheart an Tosaíocht Eisceachtúil don Danmhairg ó thaobh Ronnach de a urramú agus deiseanna iascaireachta don ronnach á socrú sna blianta amach romhainn.'

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG, ÓN nGEARMÁIN, Ó ÉIRINN, ÓN SPÁINN, ÓN bhFRAINC, ÓN ÍSILTÍR, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN tSUALAINN maidir le malartuithe cuótaí le haghaidh faoitíní gorma tar éis na gcomhairliúchán idir an tAontas agus an Iorua le haghaidh 2026**

A bhuí le hiarrachtaí comhchoiteanna na mBallstát, bhíothas in ann méid na bhfaoitíní gorma a mhéadú sa mhalartú cuótaí leis an Iorua ar méadú 13,000 tona é. Tá méid suntasach den chuóta ón bPortaingéil agus ón Spáinn á aistriú chuig an nGearmáin agus chuig an Ísiltír fós in 2025. Chun an chobhsaíocht choibhneasta a chur san áireamh, cuirtear na cainníochtaí seo a leanas d'fhaoitíní gorma (WHB/1X14), le haghaidh 2026 le sciar na Danmhairge, na Fraince, na Gearmáine, na hÉireann, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Spáinne agus na Sualainne, nó baintear den sciar sin iad:

| | |
|---|---|
| DE | -4 014,4 t |
| DK | 2 475,2 t |
| ES | 2 098,2 t |
| FR | 1 721,2 t |
| IE | 1 916,2 t |
| NL | -5 003,7 t |
| PT | 195 t |
| SE | 612,3 t |

Féachfaidh na Ballstáit leis na haistrithe iomchuí d'fhaoitíní gorma a chur ar fáil a luaithe is féidir in 2025 agus 2026.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN nGEARMÁIN, Ó ÉIRINN, ÓN bhFRAINC, ÓN ÍSILTÍR, ÓN bPOLAINN, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN tSUALAINN maidir le scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann**

'Meabhraíonn an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSualainn gur laghdaigh an tAontas a sciar ó 8,38 faoin gcéad go 6,51 faoin gcéad sa chomhaontú comhroinnte in 2007 maidir le scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann chun tairbhe na hIorua sa chás go dtabharfaí rochtain dó ar uiscí na hIorua. Thug na Ballstáit thuasluaite dá n-aire nár comhaontaíodh an rochtain ar na huiscí go fóill.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN, ÓN EASTÓIN, ÓN SPÁINN, ÓN bhFRAINC, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL maidir leis an trosc Artach i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hIorua**

'Meabhraíonn an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Liotuáin, an Pholainn agus an Phortaingéil, i ngeall ar na stadanna iascaireachta a d'eisigh an Iorua in 2021, nárbh fhéidir 5,143 thona ar an iomlán de chuóta trosc an Aontais a bhain le malartuithe déthaobhacha a iascach i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hIorua. Cuireann na Ballstáit in iúl go bhfuil díomá orthu nár chuir an Iorua an chainníocht sin ar fáil don Aontas go fóill sna malartuithe déthaobhacha.

Iarrann an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Liotuáin, an Pholainn agus an Phortaingéil ar an gCoimisiún tús a chur an athuair ar an toirt leis an idirphlé polaitiúil ardleibhéil leis an Iorua maidir leis an tsaincheist thuasluaite, chomh maith le saincheisteanna iascaigh oscailte eile, agus í a réiteach a luaithe is féidir. I gcás ar bith, iarrann na Ballstáit thuasluaite ar an gCoimisiún togra a chur síos, arb é an togra is déanaí é sa dara leasú inbhliana ar an Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2026, lena ngabhann cuóta breise de chuid an Aontais don trosc Artach atá le hiascach in uiscí idirnáisiúnta limistéir 1 agus 2 CITM, chun an tsaincheist fiachais thuasluaite a réiteach.'

**RÁITEAS ÓN nGRÉIG maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh tuinníní**

'**Tacaíonn an Ghréig leis an téacs comhréitigh deiridh ón Uachtaránacht maidir leis an Rialachán ón gComhairle** lena gcinntear na deiseanna iascaireachta san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na mblianta 2026, 2027 agus 2028.

Mar sin féin, is mian lenár dtír a thaifeadadh go soiléir go gcruthaítear, leis **an eochair leithdháilte do na Ballstáit le haghaidh tuinníní gorma, neamhionannas seanbhunaithe a théann chun dochair don Ghréig**, rud a aithníodh cheana i nDearbhú Comhpháirteach ón **gComhairle i mí na Nollag 1999.**

Leanann an staid sin de thionchar díréireach a imirt ar iascaigh chósta agus ar iascaigh ar mionscála, ag a bhfuil ról tábhachtach sóisialta agus eacnamaíoch agus tionchar íseal ar an gcomhshaol.

Chun **aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an bhfadhb sheanbhunaithe sin** agus chun cabhlaigh atá faoi mhíbhuntáiste ag na cuótaí stairiúla an-bheag a neartú, measann an Ghréig gur gá **cúlchiste dlúthpháirtíochta de chuid an Aontais a chruthú as na cainníochtaí de thuinníní gorma nár úsáideadh**.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin faoi láthair agus feabhas suntasach tagtha ar staid an stoic, rud a fhágann gur féidir an ghabháil iomlán incheadaithe tuinníní gorma a mhéadú.

Leis an gcúlchiste sin, d’fhéadfaí tacaíocht spriocdhírithe chomhréireach a thabhairt d’iascaigh tuinníní cósta ar mionscála sna Ballstáit a bhfuil acmhainneacht theoranta acu, gan difear a dhéanamh do phrionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.

Iarrann an Ghréig go dtabharfaí aird chuí ar an tsaincheist sin sa chéad phlé eile maidir leis an leithdháileadh inmheánach agus maidir le húsáid cainníochtaí nua nó neamh-leithdháilte, ós rud é go mbaineann sí le **cóir chothrom agus rannpháirtíocht chomhionann na mBallstát uile** i mbainistiú an stoic.’

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC maidir le hasbhaintí ón mbarr anuas**

‘Is mór ag na Ballstáit cur chuige comhoibríoch an Choimisiúin, lena bhfeabhsaítear trédhearcacht ríomh agus fhíorú na n-asbhaintí ón mbarr anuas, toisc go mbíonn tionchar suntasach acu ar shocrú na ndeiseanna iascaireachta.

Ba cheart don Choimisiún an mhodheolaíocht ríofa a coinníodh le haghaidh 2026 a choinneáil ar bun, le haghaidh asbhaintí ón mbarr anuas a eascraíonn as an riail *de minimis* agus as díolúintí ard-inmharthanachta ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.’

**RÁITEAS Ó ÉIRINN maidir le Roghanna na Háige**

‘Is dlúthchuid den chobhsaíocht choibhneasta iad Roghanna na Háige, rud a léiríonn gur gá riachtanais speisialta a chosaint sna réigiúin ina mbíonn pobail áitiúla ag brath go mór ar iascaigh agus tionscail ghaolmhara. Aithnítear é sin go sainráite sa Chomhbheartas Iascaigh agus leagadh síos é i Rialachán Uimh. 170/83 ón gComhairle, Rialachán Uimh. 3760/92 ón gComhairle, Rialachán Uimh. 2371/2002 ón gComhairle agus an Rialachán reatha maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, Rialachán Uimh. 1380/2013 ón gComhairle.

Nuair a bunaíodh Cobhsaíocht Choibhneasta den chéad uair, ghlac Éire le scaireanna Cobhsaíochta Coibhneasta níos ísle i gcás go leor stoc – mar mhalairt ar ghealltanas go gcosnófaí Roghanna na Háige

D’agair Éire Roghanna ábhartha na Háige le haghaidh 2026 i gcomhréir leis an nós imeachta atá i bhfeidhm le breis agus 30 bliain agus is oth léi nár cuireadh i bhfeidhm iad sa Rialachán nuair a chuir Ballstáit áirithe ina gcoinne.

Bristear leis sin an comhaontú stairiúil lena mbunaítear cobhsaíocht choibhneasta mar bhunchloch CBI agus is é sin an bealach ina ndearnadh acmhainní a roinnt ó 1983 i leith. Tá gach gné de chomhaontú 1983, a rinne na páirtithe uile trí chomhréiteach tar éis 6 bliana de chaibidlíochtaí, chomh tábhachtach céanna lena chéile.

Tá Éire go hiomlán ar an eolas faoi ábhair imní na mBallstát eile maidir le tionchar na laghduithe cuótaí agus chuir sí in iúl go soiléir go bhfuil sí toilteanach dul i dteagmháil leis na Ballstáit a ndéanann Roghanna na Háige difear dóibh. Mar sin féin, ní dhearnadh ár dtoilteanas teacht ar chomhréitigh eisceachtúla in 2026 a chúiteamh.

Is cúis mhór díomá é an bac sin ar shásra seanbhunaithe a bhí mar chuid d'ollstruchtúr foriomlán CBI agus tá sé ag teacht salach go díreach ar mheon na dlúthpháirtíochta, an dlúthchomhair agus an chomhréitigh atá mar bhonn agus mar thaca ag CBI.

Dearbhaíonn Éire nár cheart athruithe ar aon ghné den Chobhsaíocht Choibhneasta, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Roghanna na Háige, a mheas ach amháin mar thoradh ar scrúdú iomlán ar gach gné den chobhsaíocht choibhneasta in athbhreithniú struchtúrtha ar CBI.

Dá bhrí sin, beidh Éire ag agairt Roghanna ábhartha na Háige ag an am iomchuí i ndáil le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2027 agus is díol sásaimh di agus tá sí ag tnúth leis go mbeidh sí i dteagmháil leis na Ballstáit eile ina leith.'

**RÁITEAS Ó ÉIRINN maidir leis an Tuinnín Gorm**

'Meabhraítear d'Éirinn gur thángthas ar chomhaontú ag cruinniú bliantúil CICITA do 2025 maidir le gabháil iomlán incheadaithe an Tuinnín Ghoirm agus maidir leis na leithdháiltí a shocrú do na 3 bliana amach romhainn. Leis an gcomhaontú sin, arna thacú ag an Aontas, déantar foráil maidir le leithdháiltí d'iontrálaithe nua agus maidir le méaduithe do na pháirtithe conarthacha beaga sa Choinbhinsiún atá ann cheana.

Más féidir leis an Aontas tacú leis an seasamh sin ar an leibhéal idirnáisiúnta, ní mór dó a bheith sásta freisin an seasamh céanna a chur i bhfeidhm go hinmheánach.

Maidir le Ballstáit áirithe, a bhfuil Éire ina measc, ag a bhfuil cás láidir leithdháileadh náisiúnta le haghaidh tuinníní gorma a bheith acu, agus maidir le stáit eile a shealbhaíonn cuótaí de chuid an Aontais atá níos lú arís, níor cheart an chóir a dhéantar leo a bheith níos neamhfhabhraí mar a dhéantar le tríú tíortha.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrann Éire an athuair go gcuirfí tús leis an bplé maidir le hath-leithdháileadh inmheánach chuóta an Aontais don tuinnín gorm.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN, ÓN EASTÓIN, Ó ÉIRINN, ÓN SPÁINN, ÓN bhFRAINC, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN, ÓN ÍSILTÍR, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN tSUALAINN maidir le hiascaireacht neamh-inbhuanaithe ronnach san Atlantach Thoir Thuaidh**

'Is oth leis na Ballstáit thuas an iascaireacht neamh-inbhuanaithe atá á déanamh ag tríú tíortha áirithe ar an ronnach san Atlantach Thoir Thuaidh. Mar thoradh ar an iascaireacht neamh-inbhuanaithe sin, tá an stoc faoi bhun teorainneacha bitheolaíocha sábháilte agus ar tí cliseadh, in ainneoin gur shochraigh an tAontas Eorpach cuótaí ar bhealach cobhsaí freagrach. Mar thoradh ar mheath an stoic agus ar an easpa cothroime iomaíochta, tá iarmhairtí tromchúiseacha ann do thionscail iascaireachta agus do phobail iascaireachta an Aontais.

Is oth leis na Ballstáit thuas an easpa comhair a rinne tríú tíortha áirithe san Atlantach Thoir Thuaidh leis an Aontas Eorpach chun stoic ronnach agus stoic pheiligeacha eile an Atlantaigh Thoir Thuaidh a bhainistiú. Tugann na Ballstáit thuas dá n-aire gur vótáil gach Páirtí Conarthach eile de chuid NEAFC i gcoinne an togra ón Aontas Eorpach maidir le bearta bainistithe le haghaidh ronnach do 2026 ag an gcruinniú a bhí ag an gCoimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) an 11-14 Samhain 2025 chun an TAC le haghaidh 2026 a shocrú le haghaidh ronnach i gcomhréir leis an gcomhairle ó CITM. Is cúis mhór imní do na Ballstáit thuas gur tháinig ceithre thríú tír ar chomhaontú maidir le gabháil iomlán incheadaithe bhliantúil a imíonn ón bpríomhchomhairle ó CITM gan údar cuí a thabhairt, agus gur tháinig siad ar chomhaontú maidir le socrú comhroinnte nach n-áirítear gach Páirtí Conarthach NEAFC ann. Ina theannta sin, in NEAFC, chuir ceithre Pháirtí Chonarthacha i gcoinne trasloingsiú a thoirmeasc, rud a d'fhág go bhféadfaí leanúint de thrasloingsiú gabhálacha stoc peiligeach a dhéanamh gan rialú gan faireachán . Thairis sin, tugann na Ballstáit thuasluaite dá n-aire gur eisiadh an tAontas Eorpach ó chomhairliúcháin iascaigh maidir leis an stoc sin agus stoic pheiligeacha eile ar nós scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann, agus go bhfuil tríú tíortha áirithe san Atlantach Thoir Thuaidh fós ag diúltú páirt a ghlacadh i bplé fóinteach maidir le socruithe comhroinnte leis an Aontas Eorpach.

Iarrann na Ballstáit thuas ar an gCoimisiún Eorpach bearta oiriúnacha a shainaithint chun freagairt ar an ngéarchéim sin. Meabhraíonn siad Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe.'

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC, ÓN SPÁINN AGUS ÓN gCOIMISIÚN maidir leis an gcomhairle eolaíoch le haghaidh an doingin mara (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 8.a-b (Bá na Bioscáine thuaidh agus láir)**

‘Rinneadh tagarmharcáil ar an tsamhail mheasúnaithe le haghaidh doingean mara i ranna 8.a-b in 2025, rud a d’fhág gur tháinig athrú ar an dearcadh ar an stoc agus ar an luach comhairle le haghaidh 2026, atá anois idir 187 % agus 190 % níos airde ná an luach comhairle le haghaidh 2025. Chinn an Chomhairle na haistrithe iomlána don bhliain 2026 a theorannú go 3,883 thona do ghabhálacha tráchtála agus áineasa agus d’ábhar muirí aischurtha araon, ar méadú 48 % i gcomparáid le 2025 é sin. D’iarr an Fhrainc go gcuirfí leis an intuarthacht agus leis an gcobhsaíocht maidir leis na deiseanna iascaireachta don stoc sin a shocrú, go háirithe trí chomhairle ilbhliantúil a thabhairt, i.e. comhairle lena gcumhdaítear tréimhse 2 bhliain nó níos mó.

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le CITM trí iarraidh speisialta maidir leis an bhféidearthacht comhairle ilbhliantúil a chur ar fáil don stoc sin. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le CITM freisin maidir leis an bhféidearthacht cásanna ina réamh-mheastar teorainneacha gabhála éagsúla i gcás na hiascaireachta áineasa (suas le 5 iasc in aghaidh an lae) a áireamh sa chomhairle ilbhliantúil.’

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC, ÓN SPÁINN, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN gCOIMISIÚN maidir leis an gcomhairle eolaíoch le haghaidh an ghlasáin (Pollachius pollachius) i bhFolimistéar 8 agus i Roinn 9.a (Bá na Bioscáine agus uiscí Ibéaracha an Atlantaigh)**

‘Tar éis an mheasúnaithe ina ndearnadh tagarmharcáil ar an stoc in 2023, tugtar an chomhairle maidir leis an nglasán (*Pollachius pollachius*) i bhFolimistéar 8 agus i Roinn 9.a bunaithe ar chatagóir 3 de chatagóirí sonraí Stoic CITM. D’fhéadfadh iarracht eolaíoch bhreise, go háirithe an iarracht atá á déanamh ag tionscadal ACOST (2021-2025) faoi stiúir Institiúid Náisiúnta na Fraince, Ifremer, torthaí a bhaint amach chun cuidiú le heolas ar an stoc a bheachtú agus na sonraí atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta.

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le CITM maidir leis an bhféidearthacht an stoc sin a thagarmharcáil, rud a dhéanfar ach torthaí an taighde eolaíoch bhreise a bheith ar fáil, más iomchuí iad.’